



## DRAMHAÍL CHONTÚIRTEACH TÍ

Baineann a lán againn úsáid rialta as táirgí dramhaíola guaisí tí inár dtithe - úsáidimid iad chun rudaí a ghlanadh, chun ár ngairdíní a choinneáil saor ó lotnaidí, chun ár gcarranna a choinneáil i gcaoi, chun ár dtithe a chothabháil agus a mhaisiú agus freisin inár ngrúmaeireacht agus inár sláinteachas pearsanta féin. Samplaí coitianta de dhramhaíl chontúirteach tí is ea péinteanna olabhunaithe, iotnaidicídí agus feithidicídí áirithe, táirgí glantacháin áirithe, earraí a bhfuil tuarthóir iontu agus aerasóil. Beidh siombail guaise nó téacs ar na táirgí dramhaíola guaisí tí go léir agus mura ndéantar na táirgí sin a stóráil i gceart, a úsáid i gceart agus a dhiúscairt i gceart, is féidir leo a bheith baolach dár sláinte agus don timpeallacht. Tá earraí éagsúla malartacha ar fáil le n-úsáid sa teach chun laghdú a dhéanamh ar an méid dramhaíola guaisí tí a úsáidtear sa teach. Ar na malairtí sin tá fínéagar, líomóidí, sóid aráin agus criostail sóide. Seo roinnt treoirínte faoin dóigh ar féidir iad sin a úsáid:

### FÍNÉAGAR

- » Chun d'fhuinneoga a dhéanamh gléigeal measc aon chuid amháin d'fhínéagar driogtha bán le haon chuid amháin d'uisce. Cuir an meascán isteach i gcoimeádán spraeála agus glan do chuid fuinneoga leis.
- » Chun fáil réidh leis an bhfáinne a fhágann gloiní fluicha ar adhmaid - cuimil é le meascán leath agus leath d'fhínéagar driogtha bán agus d'ola olóige. Cuimil go réidh é agus snasaigh.
- » Chun do chuisneoir a ghlanadh measc fínéagar bán driogtha leis an méid céanna uisce.
- » Nigh doras do chithfholcadáin le meascán d'uisce agus d'fhínéagar bán driogtha - tá sé iontach chun fuíoll a bhaint den ghloine.
- » Glan an babhla leithris trí fhínéagar bán driogtha a chur isteach ann agus é a scuabadh go maith leis an scuab leithris.
- » Chun an screamh a bhaint d'fholcadán, glan é le fínéagar bán driogtha agus ansin le sóid aráin. Cuimil agus rinseáil go maith le huisce.

### SÓID ARÁIN

- » Croith isteach i do bhróga í, i do mhála aclaíochta nó i mbosca glan bruscair chun fáil réidh le boladh.
- » Chun tileanna a ghlanadh, croith an tsóid isteach sa ngrúta, fág cúpla nóiméad í agus

ansin sciúr amach í le scuab fiacla.

- » Cuir sóid isteach sa doirteal agus fág ansin í ar feadh cúpla nóiméad. Leáigh í le huisce fiuchta agus rinseáil.

### LÍOMÓIDÍ

- » Tá sú líomóide measctha i mbeagán uisce iontach chun smáil a ghlanadh de chláir mhionghearrtha.
- » Chun do mhicreathonnán a ghlanadh, cuir ceathrú de sheanlíomóid nó roinnt sú líomóide le uisce isteach i gcoimeádán micreathonnán, cuir ar an teas ard é ar feadh cúpla nóiméad agus ansin glan an taobh istigh le héadach glan tirim.
- » Measc roinnt sú líomóide le huisce agus lig don mheascán sú isteach i gcoimeádán chun smáil a ghlanadh. Folmhaigh amach agus cuimil smáil láidre le sóid aráin agus rinseáil.
- » Glan smáil láidre de ghreillí le sú líomóide agus sóid aráin.

### CRIOSTAIL SÓIDE

- » Tá criostail sóide iontach le doirtíl agus babhlaí leithris a ghlanadh ach lean na treoracha a bhíonn ar an bpacáiste.
- » Is féidir criostail a úsáid chun tileanna balla a ghlanadh agus snas a chur orthu

- » Tá criostail sóide iontach le gréisc a ghlanadh sa chistin.
- » Chun caonach a bhaint den phaiteó, croith criostail sóide air nuair a bhíonn an lá tirim, fág ar feadh huairé agus ansin scuab amach é.

**Má tá sé i gceist agat aon cheann acu sin thuas a úsáid - chun a chinntiú nach ndéanfaidh tú damáiste d'aon earra tí, bí cinnte i gcónaí go leanfaidh tú na treoirínte a bhíonn ar na pacáistí nó tástáil iad ar phaiste beag chun lena chinntiú nach ndéanfaidh siad aon dochar. Má bhíonn amhras ort, ná húsáid iad.**

## CUIMHNIGH...

IS FURASTA DIFRÍOCHT A DHÉANAMH!

IS FÉIDIR BREIS EOLAIS A FHÁIL ANSEO:  
**AN CLÁR UM CHOSC AR DHRAMHAÍL**

Sinéad Ní Mhainín nó Mark Molloy

An Rannóg Timpeallachta  
Comhairle Chontae na Gaillimhe

Teil: 091 509 510

Ríomhphost: [snimhain@galwaycoco.ie](mailto:snimhain@galwaycoco.ie)

Idirlíon: [www.gaillimh.ie](http://www.gaillimh.ie)

